Tá an cultúr i lár chaidrimh na Breataine-na hÉireann. Leanann scríbhneoirí, taibheoirí agus ealaíontóirí orthu ag forbairt agus ag cruthú go maith sa Bhreatain, agus tá móréileamh ar cheol, ar theilifís agus ar spórt na Breataine ar fud na hÉireann.

Is ardán tábhachtach é an RA d'ealaíontóirí Éireannacha. Forbraíodh formhór na mórthionscadal a bhfuil tacaíocht Chultúr Éireann acu sa RA i mbliana le tacaíocht ár gcomhpháirtithe sa RA.

## Dámhachtainí agus Ainmniúcháin:

- Bhí triúr scríbhneoir Éireannacha ar an Liosta Fada do Man Booker 2013: Colum McCann (TransAtlantic), Colm Tóibín (The Testament of Mary) agus Donal Ryan (The Spinning Heart) agus bhain triúr Éireannach an duais Booker roimhe seo.
- Bhain Donal Ryan an Guardian First Book Award in 2013 do The Spinning Heart.
- Bhain an Geata agus Amharclann Pan Pan Dámhachtain an Herald Angel amach ag Féilte Amharclainne Dhún Éideann anuraidh, dámhachtain a bhfuil an-tóir uirthi.
- In 2013, bhuaigh Owen McCafferty dámhachtain Writers' Guild na RA don Dráma Nua is Fearr, a thógfaidh Amharclann na Mainistreach ar thuras go dtí an Bhreatain i mbliana.
- Ainmníodh Villagers {Awayland} do Dhuais Mercury 2013 don albam is fearr ón RA agus as Éirinn.
- Ainmníodh Ailtirí Grafton ar an ngearrliosta do Dhuais Steirling Ailtirí na Breataine don Fhoirgneamh Nua is Fearr an bhliain seo caite.
- Ainmníodh Gerard Byrne do South Bank Sky Arts Award 2013.

## Comhpháirtíochtaí:

- Bhí tacaíocht ó Chomhairle Ealaíon Shasana criticiúil chun cuidiú le Cultúr Éireann dhá cheann de na comlachtaí damhsa is fearr in Éirinn,

Fabulous Beast Dance Theatre agus Junk Ensemble, a spreagadh le turas ar an RA a dhéanamh i mbliana.

- Rinneadh ceannródaíocht ar Horizons, comhpháirtíocht nua ceoil a bhfuil Sasana, Éire, Alba agus an Bhreatain Bheag bainteach leis, ag WOMEX 13 i gCaerdydd.

- Ag Féile Leabhar Idirnáisiúnta Dhún Éideann in 2013 tugadh cuireadh do shlua scríbhneoirí Éireannacha léamh as an leabhar is deireanaí a foilsíodh leo, lena n-áirítear John Banville, Eoin Colfer, Roddy Doyle, Edna O'Brien agus Colm Tóibín.

## Dearadh agus Ceardaíocht:

- Tá cáil na hÉireann maidir le sármhaitheas i ndearadh agus i gceardaíocht i réimsí mar faisean, troscán, ceirmeacht agus seodóireacht ag dul i méid sa Bhreatain trí rannpháirtíocht in imeachtaí ardphróifíle lena n-áirítear Féile Dearadh Londain agus COLLECT ag Gailearaí Saatchi.

- Áirítear Philip Treacy, Orla Kiely agus Diarmuid Gavin, ar dhearthóirí Éireannacha seanbhunaithe, agus tá dearthóirí atá ag teacht chun cinn mar Simone Rocha, Danielle Romeril, Úna Burke, Sorcha O'Raghallaigh agus JW Anderson á gcur féin i láthair mar na chéad mórphearsanra eile i bhfaisean.

- Tá Sugru – an smaoineamh, an táirge agus an chuideachta a d'fhorbair Jane Ní Dhulchaointigh tar éis iliomad dámhachtainí dearaidh cáiliúla a fháil agus tá sé tar éis teacht chun a bheith ina ghnólacht idirnáisiúnta rathúil, a dtug Forbes '21st Century Duct Tape' air.